Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Márta 2024
(OR. en)

7219/24
ADD 1

LIMITE

EEE 9
CH 5
MI 240
RECH 95

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan Chónaidhm na hEilvéise le comhtháthú an Aontais |

**Dearbhú ón Danmhairg maidir le bearta a bhaineann le hoibrithe a phostú sa chaibidlíocht idir an tAontas agus an Eilvéis**

Tacaíonn an Danmhairg leis an gcinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas agus an Eilvéis. Leis na treoracha maidir leis an gcaibidlíocht idir an tAontas agus an Eilvéis, tugtar an deis don Eilvéis bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le hoibrithe a phostú gan beann ar dhlí an Aontais a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear teacht chun cinn an chásdlí.

Leagann an Danmhairg béim air, áfach, go bhféadfadh na bearta sonracha sin a bhaineann le hoibrithe a phostú, a dtugtar ‘eisceachtaí’ orthu sa Chomhthuiscint idir an Coimisiún agus an Eilvéis, a bheith i gcomhréir le dlí reatha an Aontais, agus nár cheart, dá bhrí sin, iad a mheas mar eisceachtaí.

Maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na bearta seo i gcomhréir le dlí reatha an Aontais, is ceist í sin a bhraitheann ar an aidhm dhlisteanach sa chomhthéacs náisiúnta sonrach, ar chomhréireacht an bhirt agus, ar deireadh, ar mheasúnú ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Tugann an Danmhairg dá haire i ndáil leis sin nár chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh as an áireamh é i gcás C-33/17, Čepelnik, go bhféadfaí ceanglas a thabhairt isteach maidir le ráthaíocht airgeadais a thaisceadh.

PUBLIC